RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1463 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Iúil 2023

lena bhformheastar modhnú ar théarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona i gcomhréir le hAirteagal 115(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Landwein', 'Qualitätswein', 'Kabinett/Kabinettwein', 'Spätlese/Spätlesewein', 'Auslese/Auslesewein', 'Strohwein', 'Schilfwein', 'Eiswein', 'Ausbruch/Ausbruchwein', 'Trockenbeerenauslese', 'Beerenauslese/Beerenauslesewein')

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 115(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 28(2) agus (3) agus le hAirteagal 34 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([2]), tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an iarratas a chuir an Ostair ar aghaidh na téarmaí traidisiúnta 'Landwein', 'Qualitätswein', 'Kabinett/Kabinettwein', 'Spätlese/Spätlesewein', 'Auslese/Auslesewein', 'Strohwein', 'Schilfwein', 'Eiswein', 'Ausbruch/Ausbruchwein', 'Trockenbeerenauslese', 'Beerenauslese/Beerenauslesewein' a mhodhnú, agus tá sé foilsithe aige in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]).

(2) Ní bhfuair an Coimisiún aon ráiteas agóide faoi Airteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún ([4]).

(3) I gcomhréir le hAirteagal 31(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33, ba cheart, dá bhrí sin, an modhnú ar na téarmaí traidisiúnta 'Landwein', 'Qualitätswein', 'Kabinett/Kabinettwein', 'Spätlese/Spätlesewein', 'Auslese/Auslesewein', 'Strohwein', 'Schilfwein', 'Eiswein', 'Ausbruch/Ausbruchwein', 'Trockenbeerenauslese', 'Beerenauslese/Beerenauslesewein' a fhormheas agus a chur ar chlár leictreonach na dtéarmaí traidisiúnta faoi chosaint dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo an modhnú ar na téarmaí traidisiúnta 'Landwein', 'Qualitätswein', 'Kabinett/Kabinettwein', 'Spätlese/Spätlesewein', 'Auslese/Auslesewein', 'Strohwein', 'Schilfwein', 'Eiswein', 'Ausbruch/Ausbruchwein', 'Trockenbeerenauslese', 'Beerenauslese/Beerenauslesewein' a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint ainmniúchán tionscnaimh, tásc geografach agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, cealú cosanta, agus lipéadú agus cur i láthair (IO L 9, 11.1.2019, lch. 2).

([3]) IO C 23, 23.1.2023, lch. 22.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint sonrúchán tionscnaimh, tásc geografach agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, clár na n-ainmneacha faoi chosaint, cealú cosanta agus úsáid siombailí, agus Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas iomchuí seiceálacha (IO L 9, 11.1.2019, lch. 46).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN